# An Ciste Maoirseachta Oidhreachta 2025

## Treoirdhoiciméad Iarratais

Deontais chun tacaíocht a thabhairt do baill foirne in údaráis áitiúla, gníomhaireachtaí stáit agus institiúidí oideachasúla atá freagrach as cláir oidhreachta amhail maoirseacht agus rochtain ar bhailiúcháin, cartlanna, foirgnimh, séadchomharthaí agus gnáthóga.

**Seimineár Gréasáin Faisnéise** Déardaoin an 5 Nollaig ag 2.30pm **Cláraigh anseo**



An Chomhairle Oidhreachta
The Heritage Council

# Clár Ábhar


| | LEATHANACH |
|---|---|
| Réamhrá | 1 |
| Cuspóir an Chiste | 1 |
| Cé atá in ann iarratas a dhéanamh? | 1 |
| Cistiú atá ar fáil | 1 |
| Conas agus cathain iarratas a dhéanamh | 1 |
| An méid is féidir linn a chistiú | 2 |
| Eolas tacaíochta | 2 |
| Samplaí de na cineálacha tionscadal is féidir a chistiú faoin scéim | 3 |
| Conas a dhéanaimid measúnú ar d’iarratas | 3 |
| Cinntí faoi chistiú | 3 |
| An tSeachtain Oidhreachta Náisiúnta | 4 |
| Tionscadail a chur chun cinn agus aitheantas a thabhairt do chistiú | 4 |
| Tuairisciú agus cistiú | 4 |
| Conas a íocaimid an deontas | 4 |
| Canbhasáil | 4 |
| Cé na tionscadail nach bhfuil cumhdaithe faoin scéim deontais seo? | 5 |
| Iarraidh ar chumarsáid | 5 |

## Réamhrá

Ceann de phríomhghnéithe Phlean Straitéiseach 2023-2028 na Comhairle Oidhreachta is ea earnáil oidhreachta níos láidre a chothú trí leanúint de thacaíocht a thabhairt do chomhlachtaí atá in ann seirbhísí oidhreachta ríthábhachtacha a sholáthar do phobail agus do ghairmeacha agus atá freagrach as cúram a thabhairt do mhíreanna oidhreachta, agus na comhlachtaí sin a fhorbairt. Ba chun an cuspóir sin a chomhlíonadh a forbraíodh an scéim cistiúcháin seo a tugadh isteach sa bhliain 2022. Is eol dúinn go bhfuil baill foirne i ngníomhaireachtaí stáit agus institiúidí oideachasúla atá freagrach as cláir oidhreachta amhail maoirseacht agus rochtain ar bhailiúcháin, cartlanna, foirgnimh, séadchomharthaí agus gnáthóga. Tá an ciste seo beartaithe tacú le baill foirne in eagraíochtaí den sórt sin nach mbíodh rochtain acu i gcónaí ar chistiú ón gComhairle Oidhreachta ná, go deimhin, ar aon chiste eile.

## Cuspóir an Chiste

Tá sé mar chuspóir leis an gCiste Maoirseachta Oidhreachta tacú agus cur le hacmhainn na foirne a bhfuil ról lárnach acu i mbonneagar oidhreachta na hÉireann agus atá ríthábhachtach chun beartas agus pleananna náisiúnta a chur i bhfeidhm. D'fhéadfadh baill foirne den sórt sin a bheith ag obair in eagraíochtaí nach bhfuil a bpríomh-shainchúram dírithe ag an oidhreacht, ach a bhfuil tionchar acu ar an oidhreacht, nó a bhfuil bailiúcháin mhóra de mhíreanna iniompartha nó cartlanna acu, nó foirgnimh nó gnáthóga suntasacha.

## Cé atá in ann iarratas a dhéanamh?

Tá an scéim seo ar oscailt d'fhostaithe a bhfuil ról lárnach acu sa bhonneagar oidhreachta i gcomhlachtaí san earnáil phoiblí, mar shampla:

- údaráis áitiúla,
- gníomhaireachtaí stáit
- institiúidí oideachais

chomh maith le coimeádaithe músaem, cartlannaithe, seandálaithe, oifigigh ailtireachta agus oifigigh bhithéagsúlachta in údaráis áitiúla. Tá an scéim seo ar oscailt d'fhostaithe gníomhaireachtaí stáit agus institiúidí oideachais a bhfuil tionscadail a dhíríonn ar an oidhreacht beartaithe acu freisin, i.e., comhlachtaí earnála poiblí de chuid an Stáit a bhfuil ceanglas reachtúil orthu cúraimí sonracha a dhéanamh thar ceann an rialtais. **Tabhair faoi deara nach bhfuil an scéim seo ar oscailt d'Oifigigh Oidhreachta ná d'Oifigigh Bithéagsúlachta** Údaráis Áitiúil toisc go leithdháiltear cistiú orthu sin trí scéim na bPleananna Oidhreachta Contae agus na bPleananna Bithéagsúlachta faoi seach.

## Cistiú atá ar fáil

Is é €5,000 an tsuim íosta atá ar fáil agus **€30,000** an tsuim uasta. Samhlaímid gur idir €20,000-€30,000 a bheidh sna tairiscintí meánacha a dhéanfar agus go dtacófar le tuairim agus 20 tionscadal faoin scéim seo. Ceanglaítear ar iarratasóirí ranníocaíocht airgeadais 10% a dhéanamh. Ní chumhdaítear costais phárolla foirne ná forchostais riaracháin faoi scéim seo. Is ar bhonn iomaíoch a leithdháilfear cistiú, i gcomhréir leis na critéir mheasúnaithe atá leagtha amach ar leathanach 3.

## Conas agus cathain iarratas a dhéanamh

Ní mór duit iarratas a dhéanamh trí chóras deontas ar líne na Comhairle Oidhreachta, **Córas Deontas Ar Líne** ar ár suíomh gréasáin. Ní ghlacaimid ach le foirmeacha a chuirtear ar aghaidh ar líne. Ní sholáthraímid ná ní ghlacaimid le foirmeacha páipéir.

**Tabhair faoi deara gur tugadh isteach Córas Deontas Ar Líne nua in 2024.** Sa chás nach bhfuair tú cistiú deontais in 2024, beidh ort clárú ar dtús sula mbeidh tú in ann tús a chur le d'iarratas. Tá treoracha anseo.

Chun d'iarratas a bhreithniú, caithfimid d'iarratas ar líne agus na doiciméid tacaíochta a fháil faoin **15 Eanáir 2025** ar 5pm. Ní ghlacfar le hiarratais ná le faisnéis bhreise ina dhiaidh sin. Cuirfimid in iúl duit, i scríbhinn, cibé ar éirigh nó nár éirigh le d'iarratas, go luath i mí an Mhárta 2025.

## An méid is féidir linn a chistiú

### Áirítear le costais incháilithe:

- Costais a bhaineann le soláthraithe tríú páirtí e.g., táillí gairmiúla chun iniúchadh, plean nó oiliúint oidhreachta a dhéanamh, costais chonraitheoirí chun foirgneamh, mír, gnáthóg nó láithreán a chaomhnú.
- Saintrealamh a cheannach e.g. cásanna de ghrád músaeim, trealamh chun faireachán a dhéanamh ar bhogthaise, teocht nó solas, trealamh léirmhínithe, digiteach nó ilmheáin, boscaí cartlainne le haghaidh doiciméad leochaileach, etc.
- Costais taistil agus chothaithe d'oibrithe deonacha.

### Costais neamh-incháilithe:

- Forchostais
- Táillí riaracháin
- Tuarastail fostaithe atá ann cheana féin
- Taisteal idirnáisiúnta

## Eolas tacaíochta

**Táthar ag súil leis go ndéanfaidh iarratasóirí an t-eolas tacaíochta seo a leanas a uaslódáil in éineacht lena n-iarratas:**

1. Luacháil, meastacháin nó fianaise eile chun tacú le do chostais. Is féidir cóip de chostais na bliana roimhe a úsáid.
2. Grianghraif shoiléire reatha den fhoirgneamh, den áit, den rud nó den bhailiúchán.
3. Ceaduithe, ceadanna, ceadúnais nó toilithe ábhartha a fuarthas le déanaí, más gá.
4. **I gcás comhdhálacha/ócáidí:** breac-chuntas ar an gclár, ainm na gcainteoirí beartaithe, ionad tionóil/dáta, etc.
5. **I gcás tuarascálacha/suirbhéanna/iniúchtaí coimisiúnaithe:** cóip den dréacht-treoir
6. **Foilseacháin:** dréacht-téacs, léaráidí beartaithe, leagan amach, dearadh grafach.
7. **I gcás caomhantas foirgneamh/míreanna/gnáthóg:** cuntas ar na hoibreacha, grianghraif shoiléire reatha, agus léarscáil (le haghaidh oibreacha ar fhoirgneamh nó ar ghnáthóg)
8. **I gcás acmhainní digiteacha:** aistear úsáideora, sampla de ghrafaicí agus d'ábhar amhairc eile, dréacht-téacs, sonraíochtaí teicniúla, na caighdeáin meiteashonraí atá le húsáid, cóipcheart, agus soiléire maidir le conas a chaithfear le sonraí pearsanta, lena náirítear íomhánna.
9. **I gcás dhigitiú cartlann:** breac-chuntas ar conas a chaithfear leis an ábhar bunaidh le linn an dhigitithe agus ar na pleananna le haghaidh aire a thabhairt don ábhar sin tar éis an dhigitithe.
10. Litreacha tacaíochta ó d'Oifigeach Oidhreachta áitiúil agus ó aon pháirtithe leasmhara tábhachtacha eile.

Ní liosta uileghabhálach é sin, agus féadfaidh tú faisnéis tacaíochta eile a thabhairt. Ba cheart an fhaisnéis sin a bheith gairid ach cuimsitheach ag an am céanna.

- Beidh an líon agus an saghas doiciméad ag brath ar chineál do thionscadail agus ní mór do na hainmneacha comhad léiriú a thabhairt ar a bhfuil iontu.
- Ní mór na doiciméid a uaslódáiltear a bheith i bhformáid PDF nó JPEG agus gan níos mó ná 10mb an ceann. Ná huaslódáiltear doiciméid i bhformáid Word.

## Samplaí de na cineálacha tionscadal is féidir a chistiú faoin scéim:

- Tionscadail lena dtacaítear le míreanna oidhreachta a bhainistiú agus a chaomhnú de réir caighdeáin ghairmiúla a bhfuil glacadh leo.
- Tionscadail lena n-éascaítear rochtain mhéadaithe ar an oidhreacht agus lena gcuirtear béim ar leith ar chuimsiú agus ar éagsúlacht.
- Tionscadail a bhaineann le hullmhú don athléimneacht i leith an athraithe aeráide trí phleanáil caomhantais.
- Tionscadail lena dtacaítear le hócáidí comhpháirtíochta agus líonraithe ina dtugtar aghaidh ar dhúshláin agus riachtanais choiteanna.
- Tionscadail lena soláthraítear oiliúint pobail, scileanna foirgneamh traidisiúnta, comhairle, agus tacaíocht chun cur le rochtain agus feasacht ar an oidhreacht.
- Tionscadail lena dtacaítear le cinnteoireacht agus forbairt beartais ar mhaithe le sócmhainní oidhreachta a bhainistiú.
- Bailiú sonraí agus taighde a bhaineann le hoidhreacht na hÉireann, ar sonraí agus taighde iad is féidir a úsáid chun beartas agus comhairle amach anseo a cheapadh, go háirithe i ndáil le tionscnaimh uirbeacha.
- Tionscadail lena n-úsáidtear an teicneolaíocht dhigiteach chun an oidhreacht inláimhsithe agus an oidhreacht dholáimhsithe araon a dhoiciméadú, a thaifeadadh, a thaispeáint, a léirmhíniú agus a chaomhnú.

## Conas a dhéanaimid measúnú ar d'iarratas

Tar éis d'iarratas a chur isteach, seiceálfar é ar dtús chun a chinntiú go gcomhlíontar ann na critéir incháilitheachta agus gur cuireadh an fhaisnéis tacaíochta ar fad ar fáil. Ní dhéanfar aon mheasúnú eile ar iarratais nach n-éireoidh leo sa chéim seo.

Cuirfear iarratais a n-éireoidh leo sa chéim seiceála tosaigh trí na céimeanna seo a leanas ansin:

a) Athbhreithniú inmheánach agus gearrliostú.

b) Painéal athbhreithnithe seachtrach chun measúnú a dhéanamh ar na hiarratais uile ar an ngearrliosta agus úsáid á baint as an gcóras scórála thíos. Ní mór d'iarratais 10 marc ar a laghad a fháil faoi gach ceannteideal chun pas a fháil.

c) Ceadú na n-iarratas ó Bhord na Comhairle Oidhreachta.

Is próiseas iomaíoch é seo agus leithdháilfear cistiú ar na hiarratais a fhaigheann an scór is airde in aghaidh na gceithre Chritéar a thugtar thíos.

| Ceannteideal | Marcanna |
|---|---|
| Cáilíocht agus struchtúr an tionscadail | 25 marc |
| An tairbhe don phobal nó torthaí ionchais eile | 25 marc |
| Indéantacht an phlean laistigh den chreat ama: Márta – 15 Samhain 2025 | 25 marc |
| Luach ar airgead | 25 marc |

## Cinntí faoi chistiú

Déanfaimid teagmháil i scríbhinn le gach iarratasóir go luath i Márta 2024 leis an toradh atá ar iarratais a chur in iúl. Má éiríonn le d'iarratas, beidh ort comhaontú le Téarmaí agus Coinníollacha. Tá cóip de théarmaí agus coinníollacha caighdeánacha na Comhairle Oidhreachta le fáil ar an leathanach faoi chistiú ag **www.heritagecouncil.ie**. Tabhair faoi deara go gcaithfidh gach eagraíocht is iarrthóir a n-éireoidh léi gealltanas a thabhairt go ndéanfaidh sí gníomhaíochtaí a bhaineann le rannpháirtíocht an phobail agus cur chun cinn tionscadal.

## An tSeachtain Oidhreachta Náisiúnta

Ní mór do gach eagraíocht a dtairgfidh an Chomhairle Oidhreachta cistiú dóibh tabhairt faoi ghníomhaíocht múscailte feasachta/caidrimh phoiblí chun a gcuid oibre a chur chun cinn le linn na Seachtaine Oidhreachta Náisiúnta, a bheidh ar siúl, 16 go 24 Lúnasa 2025.

## Tionscadail a chur chun cinn agus aitheantas a thabhairt do chistiú

Caithfidh gach eagraíocht a dtairgtear cistiú dóibh aitheantas cuí a thabhairt do thacaíocht ón gComhairle Oidhreachta in 2025, agus cloí leis na treoirlínte **Buíochas a ghabháil as ár Maoiniú**. Caithfidh faighteoirí chistiú ón gComhairle Oidhreachta aitheantas a thabhairt don Chomhairle Oidhreachta agus iad ag labhairt faoina dtionscadal agus in aon phoiblíocht i gcló nó ar líne, mar shampla ar na meáin shóisialta, in acmhainní digiteacha, in agallaimh ar raidió nó teilifíse, agus in aon saghas ábhar i gcló.

## Tuairisciú agus cistiú

Má éiríonn leis an iarratas, beidh an eagraíocht is iarratasóir freagrach as na costais uile a bhaineann leis an tionscadal. Beidh an t-iarratasóir freagrach as tuarascáil deiridh mhionsonraithe agus fianaise i leith caiteachais a sheoladh chuig an gComhairle Oidhreachta roimh an spriocdháta, an 14 Samhain 2025. Ina theannta sin, beidh ar iarratasóirí tuarascáil eatramhach a chur ar aghaidh faoi lár mhí an Mheithimh 2025.

## Conas a íocaimid an deontas

Gheobhaidh tú do dheontas tar éis dúinn d'obair thionscadail a mheas agus a chinneadh go raibh sí sásúil. Bunófar an cinneadh sin ar na nithe a leanas a chur ar aghaidh:

- tuarascáil mhionsonraithe ar ghníomhaíocht trí chóras deontas ar líne na Comhairle Oidhreachta
- cóipeanna de na sonraisc uile a bhaineann leis an tairiscint deontais
- litir shínithe chun dearbhú a thabhairt gur íocadh gach sonrasc i gcomhréir le **Ciorclán 13/2014 – Deontais ó chistí an Státchiste a Bhainistiú agus Cuntasacht ina leith**. Cuirfidh an Chomhairle Oidhreachta Litir Dhearbhaithe ar fáil do na hiarratasóirí a n-éireoidh leo a bheidh le seoladh acu chun an ceanglas seo a chomhlíonadh.

## Canbhasáil

I gcás go ndéanfadh Teachtaí Dála, Seanadóirí, nó Comhairleoirí Cathrach nó Contae canbhasáil thar cheann ón iarratasóra tráth an iarratais nó mar chuid den phróiseas Achomharc, dícháileofar an t-iarratasóir go huathoibríoch. Ní chuireann sé sin aon chosc ar iarratasóirí comhairle nó litreacha tacaíochta a lorg óna nOifigeach Oidhreachta áitiúil ná ó aon chomhlacht ábhartha eile.

## Cé na tionscadail nach bhfuil cumhdaithe faoin scéim deontais seo?

### dFreagrachtaí na hEarnála Poiblí

Ní thugaimid cistiú do thionscadail lena ndéantar aon chuid de fhreagrachtaí lárnacha nó reachtúla na hearnála poiblí. Áirítear leis sin obair a bhaineann le Treoracha Eorpacha maidir le gnáthóga, éin, an Treoir Réime maidir le hUisce agus an Treoir Réime um Straitéis Mhuirí.

### Staidéir Acadúla

Ní thugaimid deontais do dhaoine san oideachas fochéime ná iarchéime a lorgaíonn tacaíocht d'obair atá mar chuid dá staidéir acadúla (PhD san áireamh).

### Seandálaíocht

Nílimid in ann tochailtí seandálaíochta ná anailís agus tuairisciú iarthochailte a chistiú.

### Tionscadail Bhunscoileanna

Ní thugaimid ciste do thionscadail a dhíríonn ar bhunscoileanna faoin scéim seo, ós rud é go gcuirtear cistiú ar fáil faoin scéim Oidhreachta sna Scoileanna. **www.heritageinschools.ie**

### Anailís AND

Níl beartais maidir le tástáil AND agus oidhreacht ceaptha ag an gComhairle Oidhreachta go fóill agus nílimid in ann tionscadail den sórt sin a chistiú.

### Suiteálacha

Ní thugaimid cistiú chun leaca cuimhneacháin nua a chruthú, lena n-áirítear plaiceanna/ dealbha, suiteálacha ealaíontóirí, nó tógáil as an nua amhail macasamhlacha.

### Comharthaí agus Boird Faisnéise

Ní chuireann an Chomhairle Oidhreachta cistiú ar fáil le haghaidh comharthaí treo agus ní mheasfar boird faisnéise ach amháin sa chás go bhfreastalóidh siad ar riachtanais daoine faoi mhíchumas.

### Oibreacha chun Limistéir Thaitneamhachta a thírdhreachú

Ní thugaimid cistiú d'oibreacha chun limistéir thaitneamhachta a thírdhreachú, mar shampla tarmac a chur síos nó tírdhreachú a dhéanamh i gcarrchlóis, binsí nó boscaí bruscair a sholáthar.

### Tionscadail shiarghabhálacha

Ní thugaimid cistiú do thionscadail ar bhonn siarghabhálach, is é sin, d'obair a bhfuil tús curtha leis nó atá curtha i gcrích sula dtairgimid cistiú.

### Cuimhnigh...

Caithfimid d'iarratas ar líne agus doiciméid tacaíochta a fháil faoin **15 Eanáir 2025 ar 5 pm**.

Tá iarratais faoi réir na nAchtanna um Shaoráil Faisnéise.

## Iarraidh ar chumarsáid

Iarrtar ort fiosrúcháin a sheoladh chugainn go leictreonach, nuair is féidir sin, ag grants@heritagecouncil.ie, ionas gur féidir linn teacht orthu agus freagra a thabhairt orthu níos tapúla

Cuirimid buíochas in iúl duit roimh ré as do chomhoibriú.

Guímid gach rath ort le d'iarrtas.




Áras na hOidhreachta, Lána an Teampaill, Cill Chainnigh, Éire R95 X264
Áras na hOidhreachta, Church Lane, Kilkenny, Ireland R95 X264

**Teil:** +353 56 777 0 777 | **Ríomhphost:** grants@heritagecouncil.ie

**www.heritagecouncil.ie**


An Chomhairle Oidhreachta
The Heritage Council